Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/5845

10.11.2025

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 24 Meán Fómhair 2025 – Confrasilvas – Construções v EUIPO – Zizioli (Confrasilvas)**

**(Cás T-557/24)** ([1])

***(Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar fhocalmharc an Aontais Eorpaigh 'Confrasilvas' – Comhartha Confrasilvas a bhí ann níos luaithe – Foras coibhneasta le diúltú – Comhartha a úsáidtear i dtrádáil a bhfuil tábhacht aige ar mó í ná tábhacht áitiúil amháin – Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(C/2025/5845)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Confrasilvas – Construções, S. A. (Liospóin, an Phortaingéil) (ionadaí: J. Oliveira, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) (ionadaí: E. Markakis, Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* Riccardo Zizioli (Brescia, an Iodáil)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 27 Lúnasa 2024 (Cás R 35/2024-2) a chur ar neamhní agus a leasú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Díbhtear an chaingean.

2) Ordaítear do Confrasilvas – Construções S. A. agus d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a gcostais féin a íoc.

---

([1]) IO C, C/2024/7376, 16.12.2024.